



**THIRTY-SECOND AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(ABOLITION OF SEANAD ÉIREANN) BILL 2013**

As initiated

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Definition.
2. Abolition of Seanad Éireann.
3. Reconstitution of National Parliament.
4. Other amendments of the Constitution.
5. Citation.

SCHEDULE 1

PART 1

PART 2

SCHEDULE 2

PART 1

PART 2

SCHEDULE 3

PART 1

PART 2

SCHEDULE 4

PART 1

PART 2



**AN BILLE UM AN DARA LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN
mBUNREACTH (DEIREADH A CHUR LE SEANAD
ÉIREANN), 2013**

Mar a tionscnaíodh

RIAR NA NALT

Alt

1. Míniú.
2. Deireadh a chur le Seanad Éireann.
3. An Pharlaimint Náisiúnta a athchomhdhéanamh.
4. Leasuithe eile ar an mBunreacht.
5. Lua.

SCEIDEAL 1

CUID 1

CUID 2

SCEIDEAL 2

CUID 1

CUID 2

SCEIDEAL 3

CUID 1

CUID 2

SCEIDEAL 4

CUID 1

CUID 2



**THIRTY-SECOND AMENDMENT OF THE CONSTITUTION
(ABOLITION OF SEANAD ÉIREANN) BILL 2013**

BILL

entitled

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION. 5

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed—

- (A) to amend the Constitution for the purpose of abolishing 10
Seanad Éireann and providing that the Oireachtas shall,
from the date of such abolition, consist of the President
and Dáil Éireann; and
- (B) in consequence of the foregoing, to amend otherwise the
Constitution and, in particular, to amend those provisions 15
of it that confer functions on Seanad Éireann or that are
premised on the existence of that House:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS
FOLLOWS:

Definition. 1.—In this Act “the abolition day” has the same meaning as it has 20
in the amendment made by *section 2*.

Abolition of Seanad 2.—The Constitution is hereby amended as follows:
Éireann.

- (a) the Article, the text of which is set out in *Part 1* of
Schedule 1, shall be inserted after Article 19 of the Irish 25
text,
- (b) the Article, the text of which is set out in *Part 2* of
Schedule 1, shall be inserted after Article 19 of the
English text.

Reconstitution of 3.—Article 15 of the Constitution is hereby amended, from the
National
Parliament. abolition day, as follows: 30



AN BILLE UM AN DARA LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN
mBUNREACTH (DEIREADH A CHUR LE SEANAD
ÉIREANN), 2013

BILLE

5 *dá ngairtear*

ACHT CHUN AN BUNREACTH A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

10 AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe—

(A) an Bunreacht a leasú chun deireadh a chur le Seanad Éireann agus chun foráil a dhéanamh gurb iad an tUachtarán agus Dáil Éireann a bheidh san Oireachtas ón dáta a chuirfear deireadh le Seanad Éireann; agus

15 (B) de dhroim an mhéid sin roimhe seo, an Bunreacht a leasú thairis sin agus, go háirithe, leasú a dhéanamh ar na forálacha sin de lena dtugtar feidhmeanna do Sheanad Éireann nó atá bunaithe ar an Teach sin a bheith ann:

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN
20 MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, tá le “an lá a chuirfear deireadh le Seanad Éireann” an bhrí chéanna atá leis sa leasú a dhéantar le *halt* 2.

2.—Leasaítear an Bunreacht leis seo mar a leanas:

Deireadh a chur le
Seanad Éireann.

25 (a) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1 de Sceideal 1* isteach i ndiaidh Airteagal 19 den téacs Gaeilge,

(b) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2 de Sceideal 1* isteach i ndiaidh Airteagal 19 den téacs Sacs-Bhéarla.

30 3.—Leasaítear Airteagal 15 den Bhunreacht leis seo, ón lá a chuirfear deireadh le Seanad Éireann, mar a leanas:

An Pharlaimint
Náisiúnta a
athchomhdhéanamh.

- (a) the subsection, the text of which is set out in *Part 1* of *Schedule 2*, shall be substituted for subsection 2° of section 1 of the Irish text,
- (b) the subsection, the text of which is set out in *Part 2* of *Schedule 2*, shall be substituted for subsection 2° of section 1 of the English text.

Other amendments
of the Constitution.

4.—(1) Every Article of the Constitution mentioned in the second column of *Part 1* of *Schedule 3* shall, as respects the Irish text of it, be amended, from the abolition day, in the manner stated in the third column of that Part opposite the mention, or each of the several mentions, of the Article in that second column.

(2) Every Article of the Constitution mentioned in the second column of *Part 2* of *Schedule 3* shall, as respects the English text of it, be amended, from the abolition day, in the manner stated in the third column of that Part opposite the mention, or each of the several mentions, of the Article in that second column.

(3) The Constitution is hereby further amended, from the abolition day, as follows:

- (a) the Article, the text of which is set out in *Part 1* of *Schedule 4*, shall be inserted after Article 50 of the Irish text,
- (b) the Article, the text of which is set out in *Part 2* of *Schedule 4*, shall be inserted after Article 50 of the English text.

Citation.

5.—(1) The several amendments of the Constitution effected by this Act shall be collectively known as and may for all purposes be collectively referred to as the Thirty-second Amendment of the Constitution, and any particular one of those amendments that are effected by *Schedule 3* may, for purposes of identification, be referred to by the number in the first column of *Part 1* or, as the case may be, *Part 2* of that Schedule opposite the statement of such amendment in the third column of the Part concerned.

(2) This Act may be cited as the Thirty-second Amendment of the Constitution (Abolition of Seanad Éireann) Act 2013.

(a) cuirfear an fo-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i
gCuid 1 de *Sceideal 2* in ionad fho-alt 2^o d'alt 1 den
téacs Gaeilge,

5

(b) cuirfear an fo-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i
gCuid 2 de *Sceideal 2* in ionad fho-alt 2^o d'alt 1 den téacs
Sacs-Bhéarla.

10

4.—(1) Leasófar gach Airteagal den Bhunreacht a luaitear sa dara colún de *Chuid 1* de *Sceideal 3*, maidir lena théacs Gaeilge, ón lá a chuirfear deireadh le Seanad Éireann, ar an modh a deirtear sa tríú colún den Chuid sin os coinne an lua, nó gach ceann faoi leith de na luanna uile, a dhéantar ar an Airteagal sa dara colún sin. Leasuithe eile ar an mBunreacht.

15

(2) Leasófar gach Airteagal den Bhunreacht a luaitear sa dara colún de *Chuid 2* de *Sceideal 3*, maidir lena théacs Sacs-Bhéarla, ón lá a chuirfear deireadh le Seanad Éireann, ar an modh a deirtear sa tríú colún den Chuid sin os coinne an lua, nó gach ceann faoi leith de na luanna uile, a dhéantar ar an Airteagal sa dara colún sin.

(3) Déantar leis seo an Bunreacht a leasú tuilleadh, ón lá a chuirfear deireadh le Seanad Éireann, mar a leanas:

20

(a) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i
gCuid 1 de *Sceideal 4* isteach i ndiaidh Airteagal 50 den
téacs Gaeilge,

(b) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i
gCuid 2 de *Sceideal 4* isteach i ndiaidh Airteagal 50 den
téacs Sacs-Bhéarla.

25

5.—(1) An Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht a thabharfar ar na leasuithe uile le chéile a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo agus is cead, chun gach críche, an t-ainm sin a ghairm de na leasuithe sin le chéile, agus is cead, chun críocha aitheantais, tagairt d'aon leasú áirithe de na leasuithe sin a dhéantar le *Sceideal 3* tríd an uimhir a lua atá sa chéad cholún de *Chuid 1* nó, de réir mar a bheidh, de *Chuid 2* den *Sceideal* sin os coinne an lua a dhéantar ar an leasú sin sa tríú colún den Chuid lena mbaineann. Lua.

30

35

(2) Féadfar an tAcht um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a Chur le Seanad Éireann), 2013 a ghairm den Acht seo.

SCHEDULE 1

PART 1

DEIREADH A CHUR LE SEANAD ÉIREANN

Airteagal 19A

- 1 1° Beidh deireadh arna chur le Seanad Éireann an lá agus an t-am 5
("an lá a chuirfear deireadh le Seanad Éireann") a shonraítear
sna fo-ailt seo a leanas den alt seo.
- 2° Is é an lá dá dtagraítear i bhfo-alt 1° den alt seo an lá díreach 10
roimh an lá a thiocfaidh Dáil Éireann le chéile den chéad uair
tar éis an olltoghcháin do chomhaltaí de Dháil Éireann is túsce
a bheidh ann tar éis an tAirteagal seo a achtú.
- 3° Is é an t-am ar an lá dá dtagraítear i bhfo-alt 1° den alt seo
meán oíche.
- 2 D'ainneoin Airteagal 18.8 den Bhunreacht seo, ní bheidh aon 15
olltoghchán do Sheanad Éireann ann tar éis an lánscoir ar Dháil
Éireann is túsce a tharlóidh tar éis an tAirteagal seo a achtú.
- 3 Déanfar an tAirteagal seo a fhágáil ar lár as gach téacs oifigiúil 20
den Bhunreacht seo a fhoilseofar tar éis an lae a chuirfear deireadh
le Seanad Éireann.

PART 2

20

ABOLITION OF SEANAD ÉIREANN

Article 19A

- 1 1° Seanad Éireann shall stand abolished on the day and at the time 25
("the abolition day") specified in the following subsections of
this section.
- 2° The day referred to in subsection 1° hereof is the day immedi-
ately preceding the one on which Dáil Éireann first meets after
the general election for members of Dáil Éireann that next
takes place after the enactment of this Article.
- 3° The time on the day referred to in subsection 1° hereof is 30
midnight.
- 2 Notwithstanding Article 18.8 hereof, no general election for
Seanad Éireann shall take place after the dissolution of Dáil
Éireann that next occurs after the enactment of this Article.
- 3 This Article shall be omitted from every official text of this Consti- 35
tution published after the abolition day.

SCEIDEAL 1

CUID 1

DEIREADH A CHUR LE SEANAD ÉIREANN

Airteagal 19A

- 5 1 1° Beidh deireadh arna chur le Seanad Éireann an lá agus an t-am
("an lá a chuirfear deireadh le Seanad Éireann") a shonraítear
sna fo-ailt seo a leanas den alt seo.
- 10 2° Is é an lá dá dtagraítear i bhfo-alt 1° den alt seo an lá díreach
roimh an lá a thiocfaidh Dáil Éireann le chéile den chéad uair
tar éis an olltoghcháin do chomhaltaí de Dháil Éireann is túsce
a bheidh ann tar éis an tAirteagal seo a achtú.
- 3° Is é an t-am ar an lá dá dtagraítear i bhfo-alt 1° den alt seo
meán oíche.
- 15 2 D'ainneoin Airteagal 18.8 den Bhunreacht seo, ní bheidh aon
olltoghchán do Sheanad Éireann ann tar éis an lánscoir ar Dháil
Éireann is túsce a tharlóidh tar éis an tAirteagal seo a achtú.
- 3 Déanfar an tAirteagal seo a fhágáil ar lár as gach téacs oifigiúil
den Bhunreacht seo a fhoilseofar tar éis an lae a chuirfear deireadh
le Seanad Éireann.

20

CUID 2

ABOLITION OF SEANAD ÉIREANN

Article 19A

- 25 1 1° Seanad Éireann shall stand abolished on the day and at the time
("the abolition day") specified in the following subsections of
this section.
- 2° The day referred to in subsection 1° hereof is the day
immediately preceding the one on which Dáil Éireann first
meets after the general election for members of Dáil Éireann
that next takes place after the enactment of this Article.
- 30 3° The time on the day referred to in subsection 1° hereof is
midnight.
- 2 Notwithstanding Article 18.8 hereof, no general election for
Seanad Éireann shall take place after the dissolution of Dáil
Éireann that next occurs after the enactment of this Article.
- 35 3 This Article shall be omitted from every official text of this
Constitution published after the abolition day.

SCHEDULE 2

PART 1

2° An tUachtarán agus Teach Ionadóirí ar a dtugtar Dáil Éireann atá san Oireachtas.

PART 2

5

2° The Oireachtas shall consist of the President and a House of Representatives to be called Dáil Éireann.

SCEIDEAL 2

CUID 1

2° An tUachtarán agus Teach Ionadóirí ar a dtugtar Dáil Éireann atá san Oireachtas.

5

CUID 2

2° The Oireachtas shall consist of the President and a House of Representatives to be called Dáil Éireann.

SCHEDULE 3

PART 1

PARTICULARS OF AMENDMENTS OF IRISH TEXT MENTIONED IN *Section 4(1)*

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
1	Article 12	In section 4.2°, the substitution of the following for paragraph i: “i ceithre dhuine dhéag ar a laghad agus gach duine faoi leith díobh sin ina chomhalta, in alt na huaire, de Dháil Éireann, nó”.	5 10 15
2	Article 12	In section 6, the substitution of the following for subsections 1° and 2°: “1° Ní cead an tUachtarán a bheith ina chomhalta de Dháil Éireann. 2° Má thoghtar comhalta de Dháil Éireann chun bheith ina Uachtarán, ní foláir a mheas go bhfuil scartha ag an gcomhalta le comhaltas an Tí sin.”.	20 25
3	Article 12	In section 8, the substitution of “de Dháil Éireann” for “den dá Theach den Oireachtas”.	30
4	Article 12	In section 10— (a) the substitution of the following for subsections 2° to 5°: “2° Dáil Éireann a dhéanfas an cúiseamh agus is faoi chuimsiú agus de réir forálacha an ailt seo a dhéanfar é. 3° Má thairgtear cúis a thabhairt in aghaidh an Uachtaráin faoin alt seo ní cead aird a thabhairt ar an tairiscint sin ach amháin de bharr fógra tairisceana i scríbhinn faoi láimh tríocha comhalta ar a laghad de Dháil Éireann. 4° Ní cead do Dháil Éireann glacadh le haon tairiscint den sórt sin ach amháin de bharr rúin ón Teach sin lena mbeidh tacaíocht ceithre chúigiú ar a laghad dá lánchomhaltas.	35 40 45 50 55

Cuid 1

NA LEASUITHE AR AN TÉACS GAEILGE A LUAITEAR IN *Alt 4(1)*

5	Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
10	1	Airteagal 12	In alt 4.2°, an méid seo a leanas a chur in ionad mhír i: “i ceithre dhuine dhéag ar a laghad agus gach duine faoi leith díobh sin ina chomhalta, in alt na huairé, de Dháil Éireann, nó”.
15	2	Airteagal 12	In alt 6, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt 1° agus 2°: “1° Ní cead an tUachtarán a bheith ina chomhalta de Dháil Éireann. 2° Má thoghtar comhalta de Dháil Éireann chun bheith ina Uachtarán, ní foláir a mheas go bhfuil scartha ag an gcomhalta le comhaltas an Tí sin.”.
20	3	Airteagal 12	In alt 8, “de Dháil Éireann” a chur in ionad “den dá Theach den Oireachtas”.
25	4	Airteagal 12	In alt 10— (a) an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt 2° go 5°: “2° Dáil Éireann a dhéanfas an cúiseamh agus is faoi chuimsiú agus de réir forálacha an ailt seo a dhéanfar é. 3° Má thairgtear cúis a thabhairt in aghaidh an Uachtaráin faoin alt seo ní cead aird a thabhairt ar an tairiscint sin ach amháin de bharr fógra tairisceana i scríbhinn faoi láimh tríocha comhalta ar a laghad de Dháil Éireann. 4° Ní cead do Dháil Éireann glacadh le haon tairiscint den sórt sin ach amháin de bharr rúin ón Teach sin lena mbeidh tacaíocht ceithre chúigiú ar a laghad dá lánchomhaltas.
30			
35			
40			
45			
50			
55			

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
		5° Má dhéanann Dáil Éireann cúiseamh faoin alt seo ní foláir di an chúis a scrúdú nó an chúis a chur á scrúdú.”, and (b) the substitution, in subsection 7°, of “le tacaíocht ceithre chúigiú ar a laghad de lánchomhaltas Dháil Éireann,” for “le tacaíocht dhá thríar ar a laghad de lánchomhaltas an Tí den Oireachtas a scrúdaigh an chúis nó a chuir an chúis á scrúdú.”,	5 10 15
5	Article 13	In section 2, the substitution of the following for subsection 3°: “3° Tig leis an Uachtarán uair ar bith, tar éis comhairle a ghlacadh leis an gComhairle Stáit, Dáil Éireann a chomóradh.”.	20 25
6	Article 13	In section 3, the substitution of the following for subsection 1°: “1° Gach Bille a ritear ag Dáil Éireann ní foláir lámh an Uachtaráin a bheith leis chun é a achtú ina dhlí.”.	30
7	Article 13	In section 7, the substitution of the following for subsection 1°: “1° Tig leis an Uachtarán, tar éis comhairle a ghlacadh leis an gComhairle Stáit, teachtaireacht nó aitheasc a chur faoi bhráid Dháil Éireann i dtaobh aon ní a bhfuil tábhacht náisiúnta nó tábhacht phoiblí ann.”.	35 40 45
8	Article 13	In section 8, the substitution— (a) in subsection 1° of “do Dháil Éireann” for “d’aon Teach den Oireachtas”, and	50

	Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
5			5° Má dhéanann Dáil Éireann cúiseamh faoin alt seo ní foláir di an chúis a scrúdú nó an chúis a chur á scrúdú.”,
10			agus
15			(b) i bhfo-alt 7°, “le tacaíocht ceithre chúigiú ar a laghad de lánchomhaltas Dháil Éireann,” a chur in ionad “le tacaíocht dhá thrian ar a laghad de lánchomhaltas an Tí den Oireachtas a scrúdaigh an chúis nó a chuir an chúis á scrúdú.”.
20	5	Airteagal 13	In alt 2, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 3°:
25			“3° Tig leis an Uachtarán uair ar bith, tar éis comhairle a ghlacadh leis an gComhairle Stáit, Dáil Éireann a chomóradh.”.
30	6	Airteagal 13	In alt 3, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 1°:
35			“1° Gach Bille a ritear ag Dáil Éireann ní foláir lámh an Uachtaráin a bheith leis chun é a achtú ina dhlí.”.
40	7	Airteagal 13	In alt 7, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 1°:
45			“1° Tig leis an Uachtarán, tar éis comhairle a ghlacadh leis an gComhairle Stáit, teachtaireacht nó aitheasc a chur faoi bhráid Dháil Éireann i dtaobh aon ní a bhfuil tábhacht náisiúnta nó tábhacht phoiblí ann.”.
50	8	Airteagal 13	In alt 8—
			(a) i bhfo-alt 1°, “do Dháil Éireann” a chur in ionad “d’aon Teach den Oireachtas”, agus

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
		(b) in subsection 2° of “i nDáil Éireann” for “i gceachtar de Thithe an Oireachtais”, and of “ag Dáil Éireann” for “ag ceachtar de Thithe an Oireachtais”.	5
9	Article 14	In section 2, the substitution of the following for subsection 1°: “1° Is iad na daoine seo a leanas an Coimisiún, i. an Príomh-Bhreitheamh, Cathaoirleach Dháil Éireann (An Ceann Comhairle) agus Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann.”.	10 15 20
10	Article 14	In section 2, the substitution of the following for subsections 3° and 4°: “3° Beidh arna roghnú (de réir fho-alt 4° den alt seo) ag Dáil Éireann as a comhaltas comhalta chun gníomhú in ionad a Cathaoirligh, agus comhalta eile chun gníomhú in ionad a Leas-Chathaoirligh, mar chomhalta den Choimisiún aon uair a bheas— i oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh folamh (nó an dá oifig sin folamh), nó ii an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach (nó iad araon) gan bheith i gcum-as gníomhaithe, agus ní foláir don chomhalta nó do na comhaltaí a roghnófar amhlaidh gníomhú dá réir sin sna himthosca sin.	25 30 35 40 45 50

	Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
5			(b) i bhfo-alt 2°, “i nDáil Éireann” a chur in ionad “i gceachtar de Thithe an Oireachtais”, agus “ag Dáil Éireann” a chur in ionad “ag ceachtar de Thithe an Oireachtais”.
10	9	Airteagal 14	In alt 2, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 1°:
15			“1° Is iad na daoine seo a leanas an Coimisiún, .i. an Príomh-Bhreitheamh, Cathaoirleach Dháil Éireann (An Ceann Comhairle) agus Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann.”.
20			
25	10	Airteagal 14	In alt 2, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt 3° agus 4°:
30			“3° Beidh arna roghnú (de réir fho-alt 4° den alt seo) ag Dáil Éireann as a comhaltas comhalta chun gníomhú in ionad a Cathaoirligh, agus comhalta eile chun gníomhú in ionad a Leas-Chathaoirligh, mar chomhalta den Choimisiún aon uair a bheas—
35			i oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh folamh (nó an dá oifig sin folamh), nó
40			ii an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach (nó iad araon) gan bheith i gcumas gníomhaithe,
45			agus ní foláir don chomhalta nó do na comhaltaí a roghnófar amhlaidh gníomhú dá réir sin sna himthosca sin.
50			

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
		4° Ní foláir do Dháil Éireann comhaltaí a roghnú chun críche fho-alt 3° den alt seo ar an Teach sin d'ationól tar éis an lánscoir ar an Teach sin, nó chomh luath agus is féidir é ina dhiaidh sin, agus déanfaidh sí roghnuithe chun na críche sin dá éis sin de réir mar a bheas riachtanach agus nuair a bheas riachtanach.”.	5 10
11	Article 15	In section 1, the substitution of the following for subsection 3°: “3° Is i gcathair Bhaile Átha Cliath nó ar a cóngar, nó cibé áit eile ar a gcinnfidh sí ó am go ham, a shuifidh Dáil Éireann.”.	15 20
12	Article 15	The substitution of the following for sections 8 and 9: “8 1° Is go poiblí a shuifidh Dáil Éireann. 2° Ach i gcás práinn speisialta a bheith ann, tig le Dáil Éireann suí go príobháideach ach dhá thrian de na comhaltaí a bheas i láthair do thoiliú leis. 9 1° Toghfaidh Dáil Éireann Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar Dháil Éireann as a comhaltas, agus leagfaidh amach dóibh a gcumhachtaí agus a ndualgais. 2° Is le dlí a chinnfear luach saothair Chathaoirleach is Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann.”.	25 30 35 40 45

	Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
5			4° Ní foláir do Dháil Éireann comhaltaí a roghnú chun críche fho-alt 3° den alt seo ar an Teach sin d'ationól tar éis an lánscoir ar an Teach sin, nó chomh luath agus is féidir é ina dhiaidh sin, agus déanfaidh sí roghnuithe chun na críche sin dá éis sin de réir mar a bheas riachtanach agus nuair a bheas riachtanach.”.
10			
15	11	Airteagal 15	In alt 1, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 3°: “3° Is i gcathair Bhaile Átha Cliath nó ar a cóngar, nó cibé áit eile ar a gcinnfidh sí ó am go ham, a shuifidh Dáil Éireann.”.
20			
25	12	Airteagal 15	An méid seo a leanas a chur in ionad ailt 8 agus 9: “8 1° Is go poiblí a shuifidh Dáil Éireann. 2° Ach i gcás práinn speisialta a bheith ann, tig le Dáil Éireann suí go príobháideach ach dhá thrían de na comhaltaí a bheas i láthair do thoiliú leis. 9 1° Toghfaidh Dáil Éireann Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar Dháil Éireann as a comhaltas, agus leagfaidh amach dóibh a gcumhachtaí agus a ndualgais. 2° Is le dlí a chinnfear luach saothair Chathaoirleach is Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann.”.
30			
35			
40			
45			

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
13	Article 15	The substitution of the following for section 10: “10 Déanfaidh Dáil Éireann a rialacha agus a buan-orduithe féin, agus beidh sé de chumhacht ag Dáil Éireann pionós a cheapadh do lucht a sáraithe sin; beidh sé de chumhacht aici fairis sin saoirse aighnis a chur in áirithe, agus a scríbhinní oifigiúla féin agus páipéir phríobháideacha a comhaltaí a dhídean, agus fós í féin agus a comhaltaí a dhídean ar aon duine nó ar aon dream daoine a dhéanfadh cur isteach nó toirmeasc ar a comhaltaí nó a dhéanfadh iarracht ar iad a éilliú agus iad ag déanamh a ndualgas.”.	5 10 15 20
14	Article 15	In section 11, the substitution— (a) in subsection 1° of “i nDáil Éireann” for “i ngach Teach ar leith”, and (b) in subsection 3° of “lena buan-orduithe” for “lena bhuan-orduithe”, and of “de Dháil Éireann chun í a bheith i gcumas feidhme” for “de cheachtar den dá Theach chun é a bheith i gcumas feidhme”.	25 30 35 40
15	Article 15	The substitution of the following for sections 12 and 13: “12 Gach tuarascáil agus foilseachán oifigiúil ón Oireachtas agus ó Dháil Éireann, maille le caint ar bith dá ndéantar i nDáil Éireann, táid saor ar chúrsaí dlí cibé áit a bhfoilsítear.	45 50

5

10

15

20

25

30

35

40

45

50

Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
13	Airteagal 15	An méid seo a leanas a chur in ionad alt 10: “10 Déanfaidh Dáil Éireann a rialacha agus a buan-orduithe féin, agus beidh sé de chumhacht ag Dáil Éireann pionós a cheapadh do lucht a sáraithe sin; beidh sé de chumhacht aici fairis sin saoirse aighnis a chur in áirithe, agus a scríbhinní oifigiúla féin agus páipéir phríobháideacha a comhaltaí a dhídean, agus fós í féin agus a comhaltaí a dhídean ar aon duine nó ar aon dream daoine a dhéanfadh cur isteach nó toirmeasc ar a comhaltaí nó a dhéanfadh iarracht ar iad a éilliú agus iad ag déanamh a ndualgas.”.
14	Airteagal 15	In alt 11— (a) i bhfo-alt 1°, “i nDáil Éireann” a chur in ionad “i ngach Teach ar leith”, agus (b) i bhfo-alt 3°, “lena buan-orduithe” a chur in ionad “lena bhuan-orduithe”, agus “de Dháil Éireann chun í a bheith i gcumas feidhme” a chur in ionad “de cheachtar den dá Theach chun é a bheith i gcumas feidhme”.
15	Airteagal 15	An méid seo a leanas a chur in ionad ailt 12 agus 13: “12 Gach tuarascáil agus foilseachán oifigiúil ón Oireachtas agus ó Dháil Éireann, maille le caint ar bith dá ndéantar i nDáil Éireann, táid saor ar chúrsaí dlí cibé áit a bhfoilsítear.

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
		13 Tá comhaltaí Dháil Éireann saor ar ghabháil le linn bheith i dtearmann an Tí sin nó ag teacht chuige nó ag imeacht uaidh, ach amháin i gcás tréasa, mar a mhínítear sa Bhunreacht seo é, nó i gcás feileonachta nó briseadh síochána agus cibé caint a dhéanfaidh comhalta sa Teach sin ní inchúisithe é mar gheall uirthi in aon chúirt ná ag údarás ar bith ach amháin an Teach sin féin.”.	5 10 15
16	Article 15	The deletion of section 14.	
17	Article 15	The numbering of section 15 as section 14 and the substitution in that section of “le comhaltaí Dháil Éireann” for “le comhaltaí gach Tí de”.	20
18	Articles 18 to 21	The deletion of the Articles.	25
19	Article 22	The substitution of the following for section 2: “Más é tuairim Chathaoirleach Dháil Éireann gur Bille Airgid aon Bhille faoi leith ní foláir don Chathaoirleach a dheimhniú gur Bille Airgid é agus ní bheidh dul thar deimhniú an Chathaoirligh mura rud é go gcinntídh Dáil Éireann, le rún dá cuid, nach Bille Airgid an Bille agus, má chinneann sí amhlaidh, ní Bille Airgid an Bille.”.	30 35 40
20	Articles 23 and 24	The deletion of the Articles.	
21	Article 25	In section 1, the substitution of “a ritear Bille ag Dáil Éireann, seachas Bille a luaitear a bheith ina Bhille a bhfuil togra ann chun an Bunreacht seo a leasú” for “a ritear Bille, seachas Bille a luaitear a bheith ina Bhille a bhfuil togra ann chun an Bunreacht seo a leasú, nó a mheastar é a bheith rite ag dhá Theach an Oireachtais”.	45 50 55

5

10

15

20

25

30

35

40

45

50

55

Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
		13 Tá comhaltaí Dháil Éireann saor ar ghabháil le linn bheith i dtearmann an Tí sin nó ag teacht chuige nó ag imeacht uaidh, ach amháin i gcás tréasa, mar a mhínítear sa Bhunreacht seo é, nó i gcás feileonachta nó briseadh síochána agus cibé caint a dhéanfaidh comhalta sa Teach sin ní inchúisithe é mar gheall uirthi in aon chúirt ná ag údarás ar bith ach amháin an Teach sin féin.”.
16	Airteagal 15	Alt 14 a scriosadh.
17	Airteagal 15	Alt 15 d’uimhriú mar alt 14 agus “le comhaltaí Dháil Éireann” a chur in ionad “le comhaltaí gach Tí de” san alt sin.
18	Airteagail 18 go 21	Na hAirteagail a scriosadh.
19	Airteagal 22	An méid seo a leanas a chur in ionad alt 2: “Más é tuairim Chathaoirleach Dháil Éireann gur Bille Airgid aon Bhille faoi leith ní foláir don Chathaoirleach a dheimhniú gur Bille Airgid é agus ní bheidh dul thar deimhniú an Chathaoirligh mura rud é go gcinntfidh Dáil Éireann, le rún dá cuid, nach Bille Airgid an Bille agus, má chinneann sí amhlaidh, ní Bille Airgid an Bille.”.
20	Airteagail 23 agus 24	Na hAirteagail a scriosadh.
21	Airteagal 25	In alt 1, “a ritear Bille ag Dáil Éireann, seachas Bille a luaitear a bheith ina Bhille a bhfuil togra ann chun an Bunreacht seo a leasú” a chur in ionad “a ritear Bille, seachas Bille a luaitear a bheith ina Bhille a bhfuil togra ann chun an Bunreacht seo a leasú, nó a mheastar é a bheith rite ag dhá Theach an Oireachtais”.

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
22	Article 25	In section 2.2°, the substitution of “le comhthoil Dháil Éireann” for “le comhthoil Sheanad Éireann”.	5
23	Article 25	The deletion of section 3; the numbering of sections 4 and 5 as sections 3 and 4 respectively; and the substitution, in the section so numbered as 3, of the following for subsection 3°: “3° Is é téacs de Bhille a gcuirfidh an tUachtarán a lámh leis ná an téacs a ritheadh ag Dáil Éireann agus, má ritear Bille amhlaidh sa dá theanga oifigiúla, cuirfidh an tUachtarán a lámh le téacs Gaeilge agus le téacs Sacs-Bhéarla an Bhille.”.	10 15 20
24	Article 26	The substitution of the following for the first sentence: “Baineann an tAirteagal seo le gach Bille a ritear ag Dáil Éireann, ach amháin Bille Airgid, nó Bille a luaitear a bheith ina Bhille a bhfuil togra ann chun an Bunreacht a leasú.”.	25 30
25	Article 26	In section 3, the deletion of subsection 2° and the numbering of subsection 3° as subsection 2°.	35
26	Article 27	The deletion of the Article.	
27	Article 28	In section 3.3°, the substitution of “ag Dáil Éireann” for “ag gach Teach den Oireachtas”, and of “a bheartóidh Dáil Éireann” for “a bheartóidh gach Teach den Oireachtas”.	40 45

	Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
5	22	Airteagal 25	In alt 2.2°, “le comhthoil Dháil Éireann” a chur in ionad “le comhthoil Sheanad Éireann”.
10	23	Airteagal 25	Alt 3 a scriosadh; ailt 4 agus 5 d'uimhriú mar ailt 3 agus 4, faoi seach, agus san alt arna uimhriú amhlaidh mar 3, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 3°: “3° Is é téacs de Bhille a gcuirfidh an tUachtarán a lámh leis ná an téacs a ritheadh ag Dáil Éireann agus, má ritear Bille amhlaidh sa dá theanga oifigiúla, cuirfidh an tUachtarán a lámh le téacs Gaeilge agus le téacs Sacs-Bhéarla an Bhille.”.
15	24	Airteagal 26	An méid seo a leanas a chur in ionad na chéad abairte: “Baineann an tAirteagal seo le gach Bille a ritear ag Dáil Éireann, ach amháin Bille Airgid, nó Bille a luaitear a bheith ina Bhille a bhfuil togra ann chun an Bunreacht a leasú.”.
20	25	Airteagal 26	In alt 3, fo-alt 2° a scriosadh agus fo-alt 3° d'uimhriú mar fho-alt 2°.
25	26	Airteagal 27	An tAirteagal a scriosadh.
30	27	Airteagal 28	In alt 3.3°, “ag Dáil Éireann” a chur in ionad “ag gach Teach den Oireachtas”, agus “a bheartóidh Dáil Éireann” a chur in ionad “a bheartóidh gach Teach den Oireachtas”.
35			
40			

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
28	Article 28	In section 4.3°, the substitution, in paragraph ii, of “le húdarás Dháil Éireann chun fiosrú a dhéanamh faoi ní a luafaidh sí ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ann nó, i gcás binse arna cheapadh amhlaidh sula gcuirfear deireadh le Seanad Éireann leis an Acht um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a Chur le Seanad Éireann), 2013, le húdarás Sheanad Éireann agus Dháil Éireann chun fiosrú a dhéanamh faoi ní a luafaidh siad ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ann” for “le húdarás Thithe an Oireachtais chun fiosrú a dhéanamh faoi ní a luafaidh siad ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ann”.	5 10 15 20 25
29	Article 28	The substitution of the following for section 7: “7 Ní foláir na comhaltaí den Rialtas a bheith ina gcomhaltaí de Dháil Éireann.”.	30
30	Article 28	In section 8, the substitution of “i nDáil Éireann” for “i ngach Teach den Oireachtas”.	35
31	Article 29	In section 4, the substitution, in subsections 7° and 8°, of “ó Dháil Éireann” for “ó dhá Theach an Oireachtais”.	40
32	Article 31	In section 2, the substitution, in paragraph i, of “Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann” for “Cathaoirleach Sheanad Éireann”.	45
33	Article 33	In section 3, the substitution of “de Dháil Éireann” for “de cheachtar de Thithe an Oireachtais”.	50

5
10
15
20
25
30
35
40
45

Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
28	Airteagal 28	In alt 4.3°, i mír ii, “le húdarás Dháil Éireann chun fiosrú a dhéanamh faoi ní a luafaidh sí ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ann nó, i gcás binse arna cheapadh amhlaidh sula gcuirfear deireadh le Seanad Éireann leis an Acht um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a Chur le Seanad Éireann), 2013, le húdarás Sheanad Éireann agus Dháil Éireann chun fiosrú a dhéanamh faoi ní a luafaidh siad ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ann” a chur in ionad “le húdarás Thithe an Oireachtais chun fiosrú a dhéanamh faoi ní a luafaidh siad ina thaobh go bhfuil tábhacht phoiblí ann”.
29	Airteagal 28	An méid seo a leanas a chur in ionad alt 7: “7 Ní foláir na comhaltaí den Rialtas a bheith ina gcomhaltaí de Dháil Éireann.”.
30	Airteagal 28	In alt 8, “i nDáil Éireann” a chur in ionad “i ngach Teach den Oireachtas”.
31	Airteagal 29	In alt 4, i bhfo-ailt 7° agus 8°, “ó Dháil Éireann” a chur in ionad “ó dhá Theach an Oireachtais”.
32	Airteagal 31	In alt 2, i mír i, “Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann” a chur in ionad “Cathaoirleach Sheanad Éireann”.
33	Airteagal 33	In alt 3, “de Dháil Éireann” a chur in ionad “de cheachtar de Thithe an Oireachtais”.

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
34	Article 33	The substitution of the following for section 5: “5 1° Ní cead an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a chur as oifig ach amháin de dheasca mí-iompair nó míthreora a luafar, ná an uair sin féin mura ritheann Dáil Éireann rún, le tacaíocht dhá thríar ar a laghad de lánchomhaltas an Tí sin, á éileamh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a chur as oifig. 2° Rún ar bith den sórt sin a rithfidh Dáil Éireann ní foláir don Taoiseach scéala a thabhairt don Uachtarán ina thaobh go cuí, agus cóip den rún a sheoladh chuig an Uachtarán faoi theastas Chathaoirleach an Tí sin. 3° Láithreach d’éis na scéala sin agus cóip den rún sin a fháil don Uachtarán ní foláir don Uachtarán, le hordú faoi lámh is faoi Shéala an Uachtaráin, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a chur as oifig.”.	5 10 15 20 25 30 35
35	Article 35	In section 3, the substitution of “de Dháil Éireann” for “de cheachtar de Thithe an Oireachtais”.	
36	Article 35	The substitution of the following for section 4: “4 1° Ní cead breitheamh den Chúirt Uachtarach ná den Ard-Chúirt a chur as oifig ach amháin de dheasca mí-iompair nó míthreorach a luafar, ná an uair sin féin mura ritheann Dáil Éireann rún, le tacaíocht dhá thríar ar a laghad de lánchomhaltas an Tí sin, á éileamh an breitheamh a chur as oifig.	40 45 50 55

5
10
15
20
25
30
35
40
45
50
55

Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
34	Airteagal 33	An méid seo a leanas a chur in ionad alt 5: “5 1° Ní cead an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur as oifig ach amháin de dheasca mí-iompair nó míthreora a luafar, ná an uair sin féin mura ritheann Dáil Éireann rún, le tacaíocht dhá thríar ar a laghad de lánchomhaltas an Tí sin, á éileamh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur as oifig. 2° Rún ar bith den sórt sin a rithfidh Dáil Éireann ní foláir don Taoiseach scéala a thabhairt don Uachtarán ina thaobh go cuí, agus cóip den rún a sheoladh chuig an Uachtarán faoi theastas Chathaoirleach an Tí sin. 3° Láithreach d’éis na scéala sin agus cóip den rún sin a fháil don Uachtarán ní foláir don Uachtarán, le hordú faoi láimh is faoi Shéala an Uachtaráin, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur as oifig.”.
35	Airteagal 35	In alt 3, “de Dháil Éireann” a chur in ionad “de cheachtar de Thithe an Oireachtais”.
36	Airteagal 35	An méid seo a leanas a chur in ionad alt 4: “4 1° Ní cead breitheamh den Chúirt Uachtarach ná den Ard-Chúirt a chur as oifig ach amháin de dheasca mí-iompair nó míthreorach a luafar, ná an uair sin féin mura ritheann Dáil Éireann rún, le tacaíocht dhá thríar ar a laghad de lánchomhaltas an Tí sin, á éileamh an breitheamh a chur as oifig.

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the Irish text	
		2° Rún ar bith den sórt sin a rithfidh Dáil Éireann ní foláir don Taoiseach scéala a thabhairt don Uachtarán ina thaobh go cuí agus cóip den rún a sheoladh chuig an Uachtarán faoi theastas Chathaoirleach an Tí sin.	5 10
		3° Láithreach d'éis na scéala sin agus cóip den rún sin a fháil don Uachtarán ní foláir don Uachtarán, le hordú faoi láimh is faoi Shéala an Uachtaráin, an breitheamh lena mbaineann an rún a chur as oifig.”.	15 20
37	Article 40	In section 6.1°, the substitution, in paragraph ii, of “do Dháil Éireann” for “do cheachtar de Thithe an Oireachtais”.	25
38	Article 46	In section 2, the substitution of “agus nuair a ritear é ag an Teach sin” for “agus nuair a ritear nó a mheastar a ritheadh é ag dhá Theach an Oireachtais”.	30
39	Article 47	The deletion of section 2 and the numbering of sections 3 and 4 as sections 2 and 3 respectively.	35
40	Articles 53 and 55	The deletion of the Articles.	

PART 2

PARTICULARS OF AMENDMENTS OF ENGLISH TEXT MENTIONED IN *Section 4(2)*

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the English text	
1	Article 12	In section 4.2°, the substitution of the following for paragraph i: “i not less than fourteen persons, each of whom is at the time a member of Dáil Éireann, or”.	45 50

	Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Gaeilge
5			2° Rún ar bith den sórt sin a rithfidh Dáil Éireann ní foláir don Taoiseach scéala a thabhairt don Uachtarán ina thaobh go cuí agus cóip den rún a sheoladh chuig an Uachtarán faoi theastas Chathaoirleach an Tí sin.
10			3° Láithreach d'éis na scéala sin agus cóip den rún sin a fháil don Uachtarán ní foláir don Uachtarán, le hordú faoi láimh is faoi Shéala an Uachtaráin, an breitheamh lena mbaineann an rún a chur as oifig.”.
15			
20			
25	37	Airteagal 40	In alt 6.1°, i mír ii, “do Dháil Éireann” a chur in ionad “do cheachtar de Thithe an Oireachtais”.
30	38	Airteagal 46	In alt 2, “agus nuair a ritear é ag an Teach sin” a chur in ionad “agus nuair a ritear nó a mheastar a ritheadh é ag dhá Theach an Oireachtais”.
35	39	Airteagal 47	Alt 2 a scriosadh agus ailt 3 agus 4 d'uimhriú mar ailt 2 agus 3, faoi seach.
	40	Airteagail 53 agus 55	Na hAirteagail a scriosadh.

CUID 2

NA LEASUITHE AR AN TÉACS SACS-BHÉARLA A LUAITEAR IN *Alt 4(2)*

	Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Sacs-Bhéarla
40	1	Airteagal 12	In alt 4.2°, an méid seo a leanas a chur in ionad mhír i: “i not less than fourteen persons, each of whom is at the time a member of Dáil Éireann, or”.
45			

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the English text	
2	Article 12	In section 6, the substitution of the following for subsections 1° and 2°: “1° The President shall not be a member of Dáil Éireann. 2° If a member of Dáil Éireann be elected President, the member shall be deemed to have vacated the member’s seat in that House.”.	5 10
3	Article 12	In section 8, the substitution of “Dáil Éireann” for “both Houses of the Oireachtas”.	15
4	Article 12	In section 10— (a) the substitution of the following for subsections 2° to 5°: “2° The charge shall be preferred by Dáil Éireann, subject to and in accordance with the provisions of this section. 3° A proposal to prefer a charge against the President under this section shall not be entertained unless upon a notice of motion in writing signed by not less than thirty members of Dáil Éireann. 4° No such proposal shall be adopted by Dáil Éireann save upon a resolution of that House supported by not less than four-fifths of the total membership thereof. 5° When a charge has been preferred by Dáil Éireann, it shall investigate the charge, or cause the charge to be investigated.”, and	20 25 30 35 40 45

5

10

15

20

25

30

35

40

45

Uimh. Thag.	An tAirteagal a leasaítear	An leasú a dhéantar ar an téacs Sacs-Bhéarla
2	Airteagal 12	In alt 6, an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt 1^o agus 2^o: “1^o The President shall not be a member of Dáil Éireann. 2^o If a member of Dáil Éireann be elected President, the member shall be deemed to have vacated the member’s seat in that House.”.
3	Airteagal 12	In alt 8, “Dáil Éireann” a chur in ionad “both Houses of the Oireachtas”.
4	Airteagal 12	In alt 10— (a) an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt 2^o go 5^o: “2^o The charge shall be preferred by Dáil Éireann, subject to and in accordance with the provisions of this section. 3^o A proposal to prefer a charge against the President under this section shall not be entertained unless upon a notice of motion in writing signed by not less than thirty members of Dáil Éireann. 4^o No such proposal shall be adopted by Dáil Éireann save upon a resolution of that House supported by not less than four-fifths of the total membership thereof. 5^o When a charge has been preferred by Dáil Éireann, it shall investigate the charge, or cause the charge to be investigated.”, agus

Ref. No.	Article amended	Nature of amendment of the English text	
		(b) the substitution, in subsection 7°, of “supported by not less than four-fifths of the total membership of Dáil Éireann” for “supported by not less than two-thirds of the total membership of the House of the Oireachtas by which the charge was investigated, or caused to be investigated,”.	5 10 15
